Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Feabhra 2026
(OR. en, es)

6236/26
ADD 3

LIMITE

JUSTCIV 24
JAI 186
EJUSTICE 10
CODEC 209
FREMP 46

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0169 (COD)**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dlínse, an dlí is infheidhme, aitheantas agus forfheidhmiú beart agus comhar in ábhair a bhaineann le cosaint daoine fásta<br>- Cur chuige ginearálta<br>- Ráiteas ón Spáinn |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an ráiteas ón Spáinn atá le cur isteach i miontuairiscí Choiste na mBuanionadaithe agus na Comhairle.

**IARSCRÍBHINN**

Is ionann cuspóir **na Spáinne** agus cuspóir an Rialacháin atá beartaithe, is é sin feabhas a chur ar chúrsaí trasteorann a bhaineann le daoine fásta a bhfuil acmhainneacht phearsanta laghdaithe nó neamhleor acu.

**Ní féidir linn tacú leis an gcur chuige ginearálta**, áfach. Is oth linn nach bhfuil an téacs uaillmhianach go leor, agus is deis chaillte í feabhas a chur ar cheart chun neamhspleáchais daoine fásta sna cásanna sin.

Ar thaobh amháin, ní chuirtear san áireamh go leordhóthanach leis prionsabail Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe 2006 ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas. Ní chumhdaítear go leordhóthanach sa téacs urraim do neamhspleáchas na ndaoine sin, a dtoil agus a mianta, agus comhroinnt bearta tacaíochta.

Ar an taobh eile, tá gnéithe den Rialachán maidir le socrúchán daoine fásta lena mbeidh sé deacair an rialachán a chur chun feidhme agus a thuiscint, laistigh den deimhneacht dlíthiúil. Is ionann an scéal i gcás dháileadh na gcostas dá bhforáiltear i gcásanna trasteorann. Tá tionchar ar leith ag an méid sin ar thíortha, ar nós na Spáinne, a fhaigheann líon mór daoine fásta.